

## Creat Náisiúnta d'Oideachas Dochtúireachta

Is fada buan é traidisiún léinn na hÉireann. Inniu, tá sé ar cheann de na geilleagair is domhandaithe agus is oscailte ar domhan. Tagann na tréithe seo le chéile chun áit athraitheach agus spleodrach a chur ar fáil chun tabhairt faoin taighde agus faoin oideachas dochtúireachta. Ó dheireadh na 1990idí, tá forbairt shuntasach tagtha ar an tírdhreach taighde, le tacaíocht ón aitheantas atá ann go bhfuil daoine tréitheacha i gcroílár aon chórais nuálaíoch náisiúnta. De bharr infheistíocht shuntasach tá ardú tagtha ar sheasamh na hÉireann i ranguithe idirnáisiúnta taighde, agus tá dúbailt ar an méid céimithe dochtúireachta atá againn.

Tá caighdeán na dochtúireachta a bhronntar in Éirinn ríthábhachtach d'fhorbairt chaipitil daonna agus eolais. Tá beart déanta ag institiúidí ardoideachais na hÉireann maidir le caighdeán an tsoláthair a fheabhsú, mar aon le tuilleadh áiteanna dochtúireachta a thairiscint. Mar shampla, bunaíodh scoileanna céimithe agus is gnáthnós anois é monatóireacht phainéalbhunaithe a dhéanamh ag pointí athbhreithnithe agus dul chun cinn.

San éabhlóid i dtreo dochtúireacht struchtúrtha a chur ar fáil ar fud na hearnála, leagtar amach cláir chun taithí agus taighde ar ardchaighdeán a sholáthar. Tá siad deartha chomh maith chun céimithe dochtúireachta a chumasú le scileanna inaistrithe atá riachtanach chun a ngairmeacha a thabhairt chun cinn thar réimse leathan earnálacha fostaíochta agus chun obair shuntasach a dhéanamh in aon réimse. Tá na hinstiúidí tar éis glacadh chomh maith níos mó éagsúlachta maidir leis na bealaí acadúla agus gairmiúla chun dochtúireacht a bhaint amach lena n-áirítear cur chuige comhoibríoch agus idir-earnála, mar aon le soláthar d'inaistritheacht mac léinn.

Agus muid ag breathnú chun cinn, leagann an Straitéis Náisiúnta don Ard-Oideachas go dtí 2030<sup>1</sup> amach fíis shoiléir agus plean oibre d'fhorbairt gach gné den ardoideachas in Éirinn. Tá sé mar phríomhchuspóir Straitéise córas comhtháiteach agus dea-chomhordaithe a chruthú d'institiúidí ardoideachais, gach ceann díobh ag cur le cuspóirí eacnamaíocha agus sóisialta. D'fhonn cur le cáil idirnáisiúnta agus cumas an ardoideachais in Éirinn don oideachas dochtúireachta, éilíonn an Straitéis Náisiúnta go bhforbrófaí creat comhsheasmhach cáilíochta agus go mbeidh comhoibriú níos fearr i measc na soláthróirí. Tríd an gCreat Náisiúnta seo don Oideachas Dochtúireachta, tá institiúidí ardoideachais na hÉireann ag tabhairt gealltanais na croíphrionsabail seo a leabú ionas go leanfar ar aghaidh ag cur feabhas ar oideachas dochtúireachta na hÉireann. Mar thoradh air seo, agus le tacaíocht níos leithne ó na páirtithe leasmhara cuí, tá Éire á cur féin chun cinn mar cheannaire ar sholáthar an oideachais dochtúireachta. Léiríonn sé seo tábhacht leanúnach daoine agus eolais i leith fhorbairt eacnamaíoch agus shochoíoch na hÉireann.

### 1. Cuspóir an Chreata Náisiúnta d'Oideachas Dochtúireachta

Is é príomhaidhm an Chreata Náisiúnta d'Oideachas Dochtúireachta bonn láidir a chur faoi shárchaighdeán i ngach cineál oideachais dochtúireachta in Éirinn. Cuireann sé tacar prionsabal ar fáil don oideachas dochtúireachta, agus ag an am céanna, aithníonn sé éagsúlacht i gcóras ardoideachais na hÉireann. Tá sé ag teacht le caighdeáin, le prionsabail agus le treoirlínte Eorpacha agus idirnáisiúnta, lena n-áirítear, mar shampla, prionsabail Salzburg, moltaí Salzburg II agus na Prionsabail d'oiliúint nuálach Dochtúireachta<sup>2</sup>.

Is é aidhm an Chreata seo:

- Feabhas comhsheasmhach a éascú i gcaighdeán oideachais agus oiliúna iarchéime, lena n-áirítear taighde a dhéantar ar leibhéal Máistreachta agus dochtúireachta;
- Institiúidí ardoideachais a chumasú agus a spreagadh le comhoibriú níos dlúithe le chéile agus taithí agus torthaí níos fearr á gcur ar fáil don

fhoghlaimeoir;

- Infhostaitheacht céimithe dochtúireachta a uasmhéadú thar réimse leathan earnálacha fostaíochta trí chinntiú go ndéantar scileanna inaistrithe a fhorbairt chun cur le sealbhú eolais atá sonrach do dhisciplíní ar leith;
- Bonn láidir a chur faoi sheasamh idirnáisiúnta ghradam dochtúireachta na hÉireann.

## 2. Prionsabail an Chreata

Cuireann an Creat Náisiúnta d'Oideachas Dochtúireachta dualgas ar an bpríomhlucht leasa in oideachas agus taighde céimí na hÉireann na caighdeán is airde a bhaint amach i soláthar oideachais agus taighde dochtúireachta trí ghlacadh leis na prionsabail seo a leanas:

1. Is é croílár an oideachais dochtúireachta dul i mbun rannpháirtíocht dhomhain ar cheist, ar fhadhb nó ar hipitéis ar leith ag teorainn an eolais, agus an teorainn seo a fhorbairt faoi threoir stiúradh saineolaíoch agus tiomanta. Chun céim dhochtúireachta a bhaint amach, ní mór don iarrthóir cur leis an eolas atá ar fáil cheana féin.
2. Bronnfar an chéim dhochtúireachta má bhíonn an tráchtas taighde, ina mbeidh saothar infhoilsithe, tugtha chun críche agus toradh rathúil ar scrúdú an tráchtais. Is féidir an tráchtas a chur i láthair i bhformáidí éagsúla.
3. Cuireann oideachas dochtúireachta go mór le doimhneacht agus le fairsinge eolais na mac léinn ar a ndisciplín agus forbraíonn sé a saineolas i modheolaíocht taighde ar féidir a chur i bhfeidhm ar thionscadal ar leith agus i gcomhthéacs níos leithne. Cuireann sé taithí ardchaighdeán ar thaighde ar fáil, oiliúint (lena n-áirítear clár comhtháite foirmiúil d'fhorbairt phearsanta agus ghairmiúil) agus aschur atá ag teacht le noirm agus le deachleachtas idirnáisiúnta.
4. Tugtar faoi oideachas dochtúireachta i bpobal foghlama ina bhfuil mais chriticiúil leordhóthanach de ghníomhaíocht taighde ag a bhfuil aitheantas idirnáisiúnta chun deis a thabhairt do mhic léinn teacht ar chlár oiliúna atá sách leathan agus chun idirghníomhú le piaraí ina réimse, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta.
5. Aithnítear go bhfuil gach dochtúireacht uathúil, agus tá oideachas dochtúireachta solúbtha ionas gur féidir tacú le mic léinn laistigh de dhisciplíní aonair nó laistigh de ghrúpaí idirdhisciplíneacha nó ildisciplíneacha.
6. Tugtar faoi oideachas dochtúireachta i dtimpeallacht taighde ina bhfuil caighdeán agus infreastruchtúr acadúil ar ardchaighdeán agus áit a bhfuil sé ag teacht le straitéisí institiúideacha. Áiríonn feabhas acadúil stiúradh ar ardchaighdeán agus oiliúint do stiúrthóirí.
7. Sula nglactar le mic léinn dochtúireachta breathnaítear ar ullmhacht an iarrthóra, fáil a bheith ar stiúrthóir cáilithe, cumasach mar aon leis na hacmhainní riachtanach chun tabhairt faoin taighde.
8. Cuireann struchtúir bhunaithe tacaíocht ar fáil d'oideachas dochtúireachta mar aon leis na nithe seo a leanas:
  - príomhstiúrthóir a bheith i mbun stiúradh an tráchtais, agus painéal a bheadh faofa ag an institiúid mar thaca aige/aici de ghnáth;
  - monatóireacht fhoirmiúil ar dhul chun cinn ó thús go deireadh ar chritéir fhoilsithe, le tacaíocht ó shocruithe institiúideacha;
  - próisis scrúdaithe sainmhínithe go soiléir, lena mbaineann scrúdaitheoirí seachtracha, critéir mheasúnaithe agus torthaí dearbhaithe.
9. Cuireann córas láidir dearbhaithe cáilíochta bonn láidir faoi gach soláthar dochtúireachta.

### 3. Torthaí Dochtúireachta

(Leibhéal 10 de Chreatoibre Náisiúnta na gCáilíochtaí in Éirinn<sup>3</sup>)

Cuireann cláir dhochtúireachta in Éirinn oideachas ar thaighdeoirí agus cabhraíonn siad leo forbairt go dtí na leibhéal is airde scileanna ionas go mbeidh siad ina ndaoine cruthaitheacha, criticiúla agus neamhspleácha a leathnóidh teorainneacha an taighde. Tríd an bpróiseas oideachais dochtúireachta, tugtar deiseanna don mhac léinn réimse scileanna a fhorbairt go leibhéal an-ard. Baineann na scileanna seo leis an bpróiseas taighde é féin agus le hoiliúint agus forbairt ghairmiúil níos leithne. Cuireann an Creat Náisiúnta d'Oideachas Dochtúireachta na scileanna agus na tréithe seo a leanas chun cinn, mar atá cur síos orthu i ráiteas *PhD Graduates' Skills*<sup>4</sup> an IUA, mar phríomhchuspóirí oideachais do gach céimí de chláir dhochtúireachta in Éirinn:

- *Scileanna taighde agus feasacht*
- *Eitic agus tuiscint shóisialta*
- *Scileanna cumarsáide*
- *Éifeachtúlacht/forbairt phearsanta*
- *Obair bhuíne agus ceannaireacht*
- *Bainistíocht ghairme*
- *Fiontraíocht agus nuálaíocht*

Is é cur chun cinn an eolais trí bhuntaighde atá fós mar chuid lárnach agus riachtanach den oideachas dochtúireachta. Luach sochaíoch bunaidh ann féin é seo, bunaithe ar shaoirse an fhiosrúcháin, cothú smaointeoireachta nuálaí agus forbairt ardscoleanna criticiúla.

Tá baint ag institiúidí ardoideachais agus ag tacaíocht ó réimse páirtithe leasmhara le leabú rathúil an Chreata Náisiúnta seo don Oideachas Dochtúireachta. Bunófar Fóram Náisiúnta Comhairleach chun comhoibriú a éascú, agus léireoidh clár oibre an fhórait sin cuspóir agus prionsabail an Chreata agus déanfar iad a fhorbairt go comhoibríoch.

<sup>1</sup> *An Roinn Oideachais agus Scileanna, Straitéis Náisiúnta don Ard-Oideachas go dtí 2030 (2011)*

<sup>2</sup> *European University Association, Salzburg Principles (2005) agus Salzburg II Principles (2010); An Coimisiún Eorpach, Principles for Innovative Doctoral training (2011)*

<sup>3</sup> *Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann, an Creat Náisiúnta Cáilíochtaí*

<sup>4</sup> *Cumann Ollscoileanna Éireann, Irish Universities' PhD Graduate Skills Statement (Dara heagrán 2015)*

Creat Náisiúnta d'Oideachas Dochtúireachta:

<http://www.hea.ie/news/national-framework-doctoral-education-0>